**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta*

**2023/0296(NLE)**

5.12.2023

***

# DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontuithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, a bhaineann le modhnú lamhháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
(12361/2023 – C9-XXXX/2023 – 2023/0296(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Marco Campomenosi

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ........................................................................................................................7

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontuithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994, a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**
**(12361/2023 – C9-XXXX/2023 – 2023/0296(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12361/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994 maidir le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (12362/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-XXXX/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0000/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Poblacht Arabach na hÉigipte.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

In 2018, sheol AE an próiseas caibidlíochta go foirmiúil faoi Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 le roinnt Comhaltaí de EDT sa Ghinéiv.

Is é bunphrionsabal na gcaibidlíochtaí ná 'cur chuige comhpháirteach' a forbraíodh idir AE agus an Ríocht Aontaithe siar in 2017 maidir le conas na gealltanais chainníochtúla atá i sceideal EDT de chuid AE28 maidir leis an 143 chuóta ráta taraife (TRQ) talmhaíochta, éisc agus tionsclaíocha EDT de chuid AE a 'chionroinnt'. Ba é bunús an chur chuige sin ná go gcoimeádfaí méid reatha gach TRQ ina iomláine amach anseo, ach go ndéanfaí é a roinnt idir dhá chríoch chustaim éagsúla: AE27 agus an Ríocht Aontaithe.

Bhí prionsabal na modheolaíochta atá i bhfeidhm bunaithe ar na sreafaí trádála isteach in AE27 agus isteach sa Ríocht Aontaithe le linn thréimhse thagartha ionadaíochta trí 3 bliana, ó 2013 go 2015, i gcás gach TRQ de chuid EDT.

Tá tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht i Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2019/216 na scaireanna cionroinnte a leasú agus faisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 nó ó fhoinsí eile a bhfuil suim acu i gcuóta ráta taraife ar leith á cur san áireamh.

Tá cearta caibidlíochta ag Poblacht Arabach na hÉigipte le haghaidh TRQ *erga omnes* amháin maidir le cúcamair. Comhaontaíodh athrú ar mhéid don TRQ sin. Rinneadh sciar AE27 a athbhreithniú go 647 dtona, agus an tréimhse thagartha ó 2013-2016 á cur san áireamh.

Ba é an toradh a bhí ar na caibidlíochtaí leis an Éigipt ná Comhaontú trí Mhalartú Litreacha ar cuireadh inisealacha leis an 22 Bealtaine 2023 sa Ghinéiv.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle Cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in am trátha.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, gan dochar dá ceart daonlathach maidir le grinnscrúdú leanúnach.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.